# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/784 ÓN gCOIMISIÚN

**an 17 Bealtaine 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le ceanglais tástála agus toisí buinní a úsáidtear sa chóras líonta GPL mótarfheithiclí le haghaidh feithiclí éadroma agus feithiclí tromshaothair, agus maidir le córais plúchta pléisce**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), táirgí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó na codanna sin díobh.

(2) Le litir BC/CEN/46-92 – BC/CLC/05-92 an 12 Nollaig 1994, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 94/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ("an iarraidh"). Cuireadh Treoir 2014/34/AE in ionad na Treorach sin gan athrú a dhéanamh ar na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 94/9/CE. Is in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/34/AE a leagtar amach na ceanglais sin faoi láthair.

(3) Go háirithe, iarradh ar CEN agus Cenelec caighdeáin nua a dhréachtú maidir le dearadh agus tástáil trealaimh atá le húsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach mar a léirítear i gCaibidil I den chlár caighdeánúcháin a comhaontaíodh idir CEN, Cenelec agus an Coimisiún, clár a cuireadh i gceangal leis an iarraidh. Ina theannta sin, iarradh ar CEN agus Cenelec na caighdeáin a bhí ann cheana a athbhreithniú d'fhonn iad a ailíniú le buncheanglais sláinte agus sábháilteachta Threoir 94/9/CE.

(4) Ar bhonn na hiarrata sin, dhréachtaigh CEN na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas: EN 13760:2021 - Trealamh agus oiriúintí GPL - córas líonta GPL mótarfheithiclí le haghaidh feithiclí éadroma agus feithiclí tromshaothair - ceanglais tástála agus toisí buinní, agus EN 14373:2021 - Córais plúchta pléisce.

(5) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann caighdeáin EN 13760:2021 agus EN 14373:2021 an iarraidh.

(6) Comhlíonann caighdeáin EN 13760:2021 agus EN 14373:2021 na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/34/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309).

([3]) Treoir 94/9/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Márta 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (IO L 100, 19.4.1994, lch. 1).

(7) Cuirtear caighdeán EN 13760:2021 in ionad chaighdeán EN 13760:2003 agus cuirtear caighdeán EN 14373:2021 in ionad chaighdeán EN 14373:2005. Dá bhrí sin, na tagairtí do chaighdeáin EN 13760:2003 agus EN 14373:2005, tagairtí a foilsíodh i dTeachtaireacht (2018/C 371/01) ón gCoimisiún ([4]), is gá iad a tharraingt siar as sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag na monaróirí a gcuid táirgí a chur in oiriúint do na leaganacha athbhreithnithe de chaighdeáin EN 13760:2003 agus EN 14373:2005, is gá tarraingt siar na tagartha do na caighdeáin sin a chur siar.

(9) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 ón gCoimisiún ([5]), liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE. Chun a áirithiú go liostófar in aon ghníomh amháin na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2014/34/AE, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 13760:2021 agus EN 14373:2021 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(10) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE ar tagairtí iad a tarraingíodh siar as sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 13760:2003 agus EN 14373:2005 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 a leasú dá réir.

(12) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréireacht ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Bealtaine 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Teachtaireacht (2018/C 371/01) ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (Foilsiú teideal caighdeán comhchuibhithe agus tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 371, 12.10.2018, lch. 1).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 189, 15.7.2019, lch. 71).

*IARSCRÍBHINN I*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| "10. | EN 13760:2021<br>Trealamh agus oiriúintí GPL - Córas líonta GPL mótarfheithiclí le haghaidh feithiclí éadroma agus feithiclí tromshaothair - Ceanglais tástála agus toisí buinní |
| 11. | EN 14373:2021<br>Córais plúchta pléisce" |

*IARSCRÍBHINN II*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1202, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| "9. | EN 13760:2003<br>Córas líonta GPL gluaisteán le haghaidh feithiclí éadroma agus feithiclí tromshaothair - Ceanglais tástála agus toisí buinní | 19 Samhain 2023 |
| 10. | EN 14373:2005<br>Córais plúchta pléisce | 19 Samhain 2023." |